

AN FAOILEÁN CLISTE NÓ MAOILÍN SA DÚN

Bhí an Fhéinne fadó agus seacht gcatha na Féinne in Éirinn agus nuair a theidheadh cuid aca amach a'fiadhach agus a' fionnsgaradh sa lá d'fhágadh siad fear ag an bhfairrge a' faire an chósta ar fhaitchíos go dtiocfadh aon námhaid isteach orthab. D'fhága siad Diarmuid Donn an lá seo a' faire an chósta agus ní fada a bhí sé nuair a chonnaic sé curachán snáimh a' tigheacht, iomramh céad uirthe agus gan innte ach aon fhear amháin agus bhí sé a' tigheacht aige go dtáinig sé a'cainnt leis.

"Is ann duit a Dhiarmuid" adeir sé. "Is ann cheana" adeir Diarmuid, adeir sé.

"Cá bhuil an Fhéinne indiu agus seacht gcatha na Féinne?" "Ó níl siad ag baile" adeir Diarmuid. "Tá siad s' fiadhach is a fionnsgaradh" adeir sé. "Tá mise go do chur faoi gheasa agu faoi mhór-dhioma na bliana" adeir sé, "tú féin agus an Fhéinne agus seacht gcatha na Féinne a thigheacht ar dinnéar liom-sa."

"Cé bhfuighimid thú?" adeir Diarmuid. "Lean mise i gcurrach agus tabhair leat clár agus bí dá ghearradh le sábh ar bharr na fairrge. Caith na sliseoga ar bharr na fairrge. Chuile áit a gcaithfidh tú iad, fanfaidh siad. Ní chorróchaidh siad agus déanfaidh siad solus don Fhéinn nuair a thiocfaidh siad."

D'imthigh le Diarmuid agu thug sé leis a' currachán, a shábh agus a chlár agus bhí a' leanacht i ndiaidh an bhuachaill seo agus an clár dá ghearradh aige nó go dtáinig siad ar charraig amuigh i lár na fairrge agus shroic Diarmuid suas leis. "Mo chrádh agam a Dhiarmuid" adeir sé, "marar shíl mé nach raibh tú i t'fhear leath chomh maith is tá tú." "Bhí mise im fhear maith ariamh" adeir Diarmuid. "Níor bhuail aon fhear aon drámh ariamh orm." "Ó ní dhá rádh sin atá mé" adeir Maoilín sa Dún (b'shin ainm fear na curraige), "ach bímid a' cainnt 's a'comhrádh le chéile."

Ghabh Diarmuid amach ar an áit ar an áit a raibh sé agus thosuigheadar a' cainnt le chéile agus d'fhosgail an aill agus síos leis an bhfear seo Maoilín sa Dún agus nuair a shíl Diarmuid a bheith thíos ní dheacaidh síos ach barr ordóige a choise nuair a dhún an aill, ach ní rinneadh aon dochar dó ach gur coinnigheadh annsin é ar an aill nó go dtáinig an Fhéinn agus seacht gcatha na Féinne, go dtáinig siad chomh fada leis.

"Ara cén bealach atá leat" adeir Fionn Mac Cumhaill, "nó cén sórt áit a bhfuil tú chor ar bith?" "An fear a chuir faoi gheasa muid, Maoilín sa Dún tá sé imighthe síos annseo" adeir Diarmuid.

Nuair a tháinig siad uiliug amach ar an aill ní raibh ann ach go raibh siad ar an aill nuair a d'fhosgail sí agus chuaidh siad síos uiliug. Nuair a tháinig siad isteach ag Maoilín sa Dún bhí

fearadh na fáilte aige rómpa agus dubhairt sé go gcaithfeadh siad dinnéar a ghléas dóibh féin. “Gabhaidh amach” adeir sé, agus tugaidh isteach banbh muice as an bhfail.”

Ghabh siad amach. Shíl siad na muca athabhairt leob d’eirigh collach mór a bhí l dtóin na falach agus nuair a chraith sé é féin sgannruigh sé iad. Shíl siad g raibh an saoghal tuitthe as a chéile agus rith siad. Tháinig siad isteach agus dubhairt siad nach dtiubhradh. “Eirigh suas a Bhlocáin Ceann Reamhar” adeir Maoilín sa Dún le mac a bhí aige féin, “agus tabhair isteach cupla ceann de na bainbh sin.”

Chuaidh Blocán Ceann Reamhar amach sa bhfail agus rug sé ar chluais ar chaon cheann de na muca móra sin agus thug sé ceann ins gach láimh leis isteach agus mharbhuigh sé iad. “Eirigh” adeir Maoilín sa Dún, “agus tabhairidh isteach dhá chorcán uisge.” D’eirigh fear de na Fiannaibh agus chuir sé lúbán sa gcorcán ach ní raibh sé i ndon é a chrochadh. Tháinig fear eile aca a’ cuidiú leis ach ní raibh siad i ndon an corcán a chrochadh den urlár. Dá mbeadh seacht gcatha na Féinne a’ cuidiú leis ní chrochaidís den urlár é.

“Is mairg a thug fir mhaithe ariamh oraí agus an corcán folamh cinnte oraí, ar bhfuil agaibh ann” adeir Maoilín sa Dún. “Eirigh suas a Bhlocán Ceann Reamhar agus tabhair isteach dhá chorcán uisge.”

D’eirigh Blocán Ceann Reamhar agus chuir sé lúbán ins gach aon chorcán aca agus chroch sé leis iad, corcán ins gach aon láimh. Thug sé isteach an dá chorcán uisge agus chroch sé os cionn na teineadh iad dá mbruith go sgoladh sé na muca. Nuair a bhí na muca sgolta d’eirigh Maoilín agus rinne sé dhá leith de chaon mhuic díob agus bhí cheithre leith annsin dá mhuic dhá leith déanta de chaon mhuic aca.

“A’ bhfuil fhios agat, a Fhinn Mhic Cumhaill” adeir Maoilín, “ní íosfaidh tú aon bhlas de seo go mbruithfidh tú é le sgéal fíor Fiannaidheachta. Tá mise a’dul a’ bruth an chéad chuid den fheoil” adeir sé, “agus bruithfidh mé é le sgéal fíor Fiannaidheachta.”

“Bhí mise agus mo mháthair annseo fadó agus ní raibh aon rud dá dhéanamh againn ach a’ baint broсна, dá cheangal agus dá dhíol agus a’ ceannacht ar mbéilí air” adeir sé. “Bhí mé lá sa gcoill agus chonnaic mé an bhó bhreagh bhainne agus d’fhéadfá a rádh go raibh útha mhaith bhainne aice. Chaith mé uaim an broсна agus chuaidh mé i ndiaidh na bó agus thug mé abhaile ag mo mháthair í. Nuair a thug mé abhaile ag mo mháthair í bhí mór-chion ag mo mháthair orm. Bhí bainne na bó dár dtógáil uiliug. Ní bhíodh aon obair orm féin chuile lá ach ag imtheacht ins chuile áit dá fheabhas a’ tabhairt aire don bhó. Lá a bhí mé a’ tabhairt aire di tháinig stócaí eile agus bhí liathróid acab. Mheall siad leothab mé a’ bualadh báire agus nuair a bhí an báire buailte tháinig mise ar ais san áit ar fhága mé an bhó lena tabhairt abhaile agus ní raibh aon bhó ann.

“Bhí mé dá tóruidheacht go raibh píosa mór den oidhche ann agus tháinig mé annseo go dtí mo mháthair. Nuair a tháinig mé isteach sé an chéad fhocal a labhair sí liom “cá bhfuil an bhó?” Dubhairt mise gur imthigh an bhó uaim. “An rabhair a’ breathnú uirthे ag imtheacht?” adeir sí. Dubhairt mise go raibh. Dubhairt sise nach raibh agus b’fhíor di, ní raibh.

"Chuir sí faoi gheasa agus faoi mhór dhioma na bliana mé gan an teach a thaobhachtáil go dtugainn an bhó chuide agus mara dtugainn go raibh an bhó cailte choidhchin agus fanacht uaithe. Bhual mé liom agus chodail mé amuich agus chaith mé trí lá agus trí oidhche ag ithe toraidh crainn agus níor thaobhaigh mé teach ná árus aach ag imtheacht ag tóruidheacht na bó. Nuair a bhí trí lá curtha isteach agam a' tóruidheacht na bó, maidin mhoch an ceathramha lá tháinig mé ar bhruach na fairrge agus bhí coill os mo chionn agus d'eirigh an bhó as ciumhais na coille agus shíl mise a dhul roimpe ach thug sí an fhairrge di féin. Rug mise ar dhrioball uirthé go dtug mé an fhairrge orm féin. Níor stop sí ariamh go ndeachaidh sí go Tír Fó Thuinn agus mise in éinfheacht léithe agus níor leor di sin go ndeachaidh sí chomh fada le cúirt an Rí agus isteach i bpárlús an Rí san áit a raibh an Rí féin.

"Chonaic an Rí an gotha áibhéalta a bhí orm, mé i ngreim driobaill innte agus séard a dubhairt sé liom "arduigh as m'afarc í féin 's tú féin," adeir sé. D'arduigh mé liom í agus chuimhnigh mé orm féin a dul amach dom go mb'fhéidir go raibh rud eicint aige a raibh faitchíos aige go dtiubhrainn liom é. D'fhill mé isteach agus thug mé liom an inghean agus thug mé abhaile annseo ag mo mháthair í agus phós mé í. Sin é an chéad mhac a bhí agam, Blocán Ceann Reamhar. Níl sé deas," adeir Maoilín. "Ní raibh againn ach é." "Muise ní fhéadfadh sé a bheith ar athrú" adeir Conán "agus a dhul leat féin dó." "Eirigh anois a Fhinn" adeir Maoilín agus féach a bhfuil mo chuid-se den fheoil bruithte fós."

D'eirigh Fionn agus chuir sé píce sa bhfeoil féachaint a raibh sí bruithte. "Ara tá" adeir Fionn, "agus chomh maith is dá mbeadh sí dá bruith le seachtain. "A Fhinn Mhic Cumhaill" adeir an bhean, ag eirge anuas as an seomra, "bruithfidh mise do chuid-se feola le sgéal is fírinne ná a sgéal." (Bhí an mhuc ar an mbord dá bruith le sgéalta).

"D'fhill sé isteach an uair sin" adeir sí, agus thug sé leis mise ó m'athair go dtug sé annseo mé. Bhí mé annseo go raibh sé in am agam an Blocán Ceann Reamhar sin a chur ar an saoghal, agus ghabh mé abhaile nó gur chuir mé an Blocán Ceann Reamhar ar an saoghal. Ní raibh spóirt agam féin ann ná ag an gcailín ná ag duine ar bith sa teach. Tháinig mac Rí na Spáinne agus an páiste gléasta. Sé an chaoi a raibh sé a' tigheacht dom iarraidh le pósadh. Shíl sé nach raibh mé ag aonduine. Nuair a chonnaic sé an féirín a bhí agam bhí sé a' dul ag imtheacht agus dubhairt sé liom an chéad uair a ghabhfainn 'un leabtha le Maoilín cuimhniú ar féin agus bheadh mac ní b'fhearr ná sin agam.

"Nuair a tháinig mé abhaile annsin bhí Blocán Ceann Reamhar ar mo dhruim agam. Thug Maoilín anuas de mo dhruim é. Bhí spóirt ag Maoilín ann, ní nach iongantas mar bhí sé i gcosmhalacht leis. Ní raibh aon iarraidh dá ndeachaidh mise chun leabtha le Maoilín nach ar mhac Rí na Spáinne a bhínn a' cuimhne agus go deimhin bhí cosmhalacht fir air. Is amhlaidh a bhí sé agamh nuair a d'airigh mé mé féin i dtrioblóid aríst ghabh me abhaile agus bhí mac breagh agam agus má bhí ba bhreagh an mac é. Bhí fleasg airgid i gclár a éadain agus fleasg óir i gcúl a chinn a lasfadh gaoth agus grian air. Bhí spóirt a'm féin ann, bhí spóirt ag mo mháthair ann agus bhí spóirt ag m'athair ann. Bhí spóirt ag chuile dhuine ann. Shíl mé nár thada an spóirt a bhí Maoilín sa mBlocán i gcomórtas leis an spóirt a bheadh aige sa mac seo, bhí sé chomh breagh sin. Ní raibh deifir ar bith orm a dhul abhaile leis an bpáiste go bhfeiceadh Maoilín ag ceapadh nach mbeadh cursíos ná innseacht sgéil ar an gcion a

bheadh ag Maoilín air. Thug mé liom ar mo dhruim é. Nuair a tháinig mé isteach dubhairt mé le Maoilín a bhreith anuas de mo dhruim é agus bhreathnuigh sé air. Ní dhearna sé ach breith ar chaol a dhá chois air agus agus a chloigeann a bhualadh faoin mballa agus é a mharbhú. Chuir sé siar i seomra dubh dorchá annsin mé ó shoin agus me faoi thuile an ré-choinle agus mo dhreithiúirín a' breathnú orm faightíos go dtiocfadh sé sa saoghal go bhfuigheadh sí fear a bhainfeadh sásamh de Mhaoilín faoin méid a bhí déanta aige orm-sa."

"Féach anois, a Fhinn Mhic Cumhaill a bhfuil de chuid-se den fheoil bruithte." "Tá" adeir sé, "agus seacht n-uaire níos bruithte ná a chuid-se." "Bhruith mise le fírinne" adeir sí, "ach bhí seisean a' cur bréag isteach."

Leag sí anuas annsin buird bidh agus dighe ag an bFéinn agus ag seacht gcatha na Féinne agus nuair a bhí a sáthach ithte agus ólta aca sgaradh amach luachra ar an urlár dóibh. Shín siad siar a chodladh agus chuaigh Maoilín a chodladh lena bhean an oidhche sin nuair a fuair sé amach gurb é féin a bhí as bealach. Ar a' bpointe boise is a bhí siad sínte siar bhí siad tuithe ina gcodladh ach bhí deire luigteachais agus tús eirghe ag Fionn Mac Cumhaill. Ní raibh sé ina luighe baileach nuair a tháinig bean aniar as an seomra chuige, bean óg. "A Fhinn Mhic Cumhaill," adeir sí, "is olc an áit a tháinig sibh le bás a fhágail. Is olc an cuireadh ag Maoilín é. Sé an chaoi ar thug sé dhíb é le chuile dhuine agaibh a mharbhú nuair a gheithfeadh sé codladh draidheachta oraibh. Tá sé ar na Fiannaibh cheana," adeir sí, "ach dhá sheod atá ag Maoilín faoi n-a leabaidh, craobh eolais agus craobh ceoil a thug sé leis ó m'athair. Tiubhraidh mise amach iad agus leagfaidh mé amach ar an bhfairrge an craobh eolais agus ar an bpointe boise is a leagfaidh mé ar an bhfairrge í cuirfidh an craobh ceoil na Fianna amach. Beidh an craobh eolais ag déanamh eolais díbh agus an craobh ceoil dár stiúradh agus luigh siar annsin go fóill, a Fhinn" adeir sí, "agus tiubhraidh mé amach an dá chraobh."

Thug sí amach an dá chraobh ó leabaidh Mhaoilín. Leag sí an chraobh eolais rompa amach agus agus an chraobh ceoil ina ndiaidh. Chomh luath agus leag sí an craobh eolais ar an ar an bhfairrge d'fhosgail an aill agus shnámh siad amach as an dún. Bhí siad dá mbocáil ar bharr na fairrge gur cuireadh isteach ar Thráigh Bhinn Éadain iad. B'é Fionn an chéad duine a dhúisigh agus b'fachtas dó go bhfaca sé rud eicint uaidh ar bharr na fairrge. Ba ghearr go bhfaca sé chuige curachán snáimh iomramh céad uirthe agus gan innte ach aon bhean amháin. "Ó a Fhinn" adeir sí, "bhí fhios agam gur mar sin a dhéanfá é – gan na seoda a chuir chuige." "nach bhfeiceann tú go bhfuil an codladh i mo shúile fós" adeir sé "níl ann ach gur thug mé faoi deara thú." "Bhí fhios agam go maith" adeir sí, "go raibh an codladh trom oraí."

Thug sé di an dá chraobh, craobh an eolais agus craobh an cheoil agus níor leig sé uaidh í nó gur chionntuigh sé léithe. "Má bhíonn tada agam de do bharr agam-sa a Fhinn" adeir sí, "céard a dhéanfas mé leis?" "Más inghean a bhéas agat" adeir Fionn, "coinnigh í. Ach más mac a bhéas agat cuir chugam annseo é. Ní leigfidh sibh duine ar bith eile i dtír ar an oileán so aríst go deo gan é a mharbhú" adeir sí. Thóg sé fainne as a phóca agus rinne sé dhá leith de agus sé ceann aca dhi. "Mas mac a bhéas agat" adeir Fionn, "tabhaoir é sin dó agus

aithneochaidh mise é.” D’arduigh sí léithe an dá chraobh agus d’imthigh léithe. Leag sí isteach faoi leabaidh Mhaoilín iad.

Nuair a dhúisigh Maoilín, “cá bhfuil na Fiannaibh Éireann?” adeir sé. “Ó saoghal dhuit” adeir sí, beidh siad ar ais aríst ó d’imthigh siad as seo i ndeire na hoidhche aréir” adeir sí. “Cuirim-se” adeir sé, “na dromannna a chuir Mac Dé le ifreann gan aon cheist a chur ar na Fiannaibh aríst go deo. An rud a shíl mé a dhéanamh leo dhéanfadh siad liom-sa é dá dtogruigheadh siad é.” “Ba deas uathab a dhéanamh” adeir an bhean óg. “Dá dtogruigheadh siad a dhéanamh leat dhéanfadh siad é.” Sgaoil sé abhaile annsin í. Thug siad na craobhanna léithe go ndeachaidh sí l gceann a hathar go Tír Fo Thuinn. Bhí suim aimsire ann annsin. Bhí na dochtúirí a rádh gur mí-fhollántas a ghlac sí. Tháinig mac Rí na Frainnce á iarraidh. Dubhairt a hathair leis go raibh sí tinn. Bhreathnuigh mac Rí na Frainnce uirthe agus dubhairt sé go raibh sí le haghaidh cloinne.

“An fíor an rud adeir sé?” adeir an Rí. “Is fíor” adeir sí.

“Cé leis?”

“Le Fionn Mac Cumhaill.”

“Maise níl dochar ar bith annsin” adeir an Rí. “Is fear é Fionn Mac Cumhaill, rí agus mac rí. Is fearr é sin ná Maoilín go do thabhairt leis.

D’imthigh le mac Rí na Frainnce aríst. Bhí mac breagh aice le fleasg airgid i gclár a éadain agus fleasg óir i gcúl a chinn a lasadh gaoth agus grian air, bhí sé chomh breagh sin. Bhí cion aice air. Bhí cion ag a máthair air agus cion ag a hathair air. Thóg sí le smior mart agus feoil cearc, le garbh arán agus le bainne cích. Bhaist siad an Faoileán Cliste air. Nuair a bhí sé trí bliana déag d’aois “caithfidh tú a dhul abahaile ag t’athair go hÉirinn” adeir sí leis. “Is mór an obair duit é sin” adeir sí “mar níl siad a’ leigint duine ar bith i dtír ann ach a’ caitheamh na sleaghacha leat nuair a ghabhfas tú ann” adeir sí. “An chéad cheann a chaithfeas siad cuirfidh siad i bhfastó l gceathramha na curraighe í. Beir uirthe agus cuir a cos rómpa agus caith í. Annsin aithneochaidh t’athair thú agus ní leigfidh sé dóibh a bheitha ag caitheamh leat níos mó.”

D’imthigh leis agus chuaidh sé ann agus ar an bpointe boise is a chonnaic an Fhéinn an currach ag teacht agus iomramh céad uirthe agus gan innte ach aon fhear amháin, thosuigh siad ag caitheamh sleaghacha leis. An chéad tsleagh a caitheadh chuaidh sí i bhfastó i gceathramha na curraighe. Thóg seisean í, chuir sé i ndiaidh a coise í agus chaith sé aríst í. “Fóill oraí” adeir Fionn, “ní le holc ar bith atá sé sin a’ tigheacht. Fóill oraí go dtéidhidh mé chun cainnte leis.”

Ghabh sé síos. “Cé hí nó hé thú cé hoileán tú?” adeir Fionn leis. “Maise níl fhios a’m” adeir sé, a’ cur lámh ina phóca agus a’ tabhairt aníos leath an fháinne. Shín sé chuig Fionn é. “Dubhradh liom go mbainfeá meabhair as sin” adeir sé. Nuair a fuair Fionn é chuimhnigh sé ar féin. Chuir sé lámh ina phóca agus tharraing sé aníos an leath eile. Chuir sé an dá leith le chéile agus rinne an dá leith fáinne, gan iomarca gan easpaidh ag aon leath ar an leath eile. D’aithnigh Fionn annsin é. Mhúch sé le póga é agus bháith sé le deora é. Thrioma sé le brata míne síoda is sróil agus le gruaig a chinn féin é. Más thíos a fuair sé é is thuas a d’fhága sé é.

Thug sé leis chun a' tighe é agus agus é faoi mhórchion aige. Bhíodh sé ag imtheacht a' fiadhach 's a' fionnsgaradh leis. Má bhíodh féin ní raibh aon fhear de na Fiannaibh chomh maith leis. Ní raibh aon tsiubhal acab mar bhí aige agus bhí láidreachta dá réir aige.

Nuair a bhíodh siad ag ithe mart bhíodh siad ag leagan na gcnámh I leath-taobh go mbaineadh siad an smior astab le tabhairt do Gholl dhá neartú tuille. Bhí sé a' breathnú orthab trí lá agus an ceathramha lá nuair a thóg Goll an chnámh ina lámh rug seisean ar an gceann eile lena leath-láimh. Chuir Goll an dá lámh ann mara mbaineadh sé dhe é lena leath-láimh, ach bhris an cnámh orthab.

"Mo chrádh agam a Ghoill

marach go raibh an cnámh briosc

dá bhfágthá gan árgúinteacht"

Lá s raibh siad a' fiadhach is a fionnsgaradh casadh fiadh dóibh, fiadh deas a raibh siad a'déanamh iongantais de. Casadh trí lá i ndiaidh a chéile orthab é agus ní raibh lá ar bith nach dteigheadh sí i bhfolach orthab. Bhí siad dá innseacht do bhean Fhinn sa mbaile agus dubhairt sí go mba deas é peata a dhéanamh de. "Peata a dhéanamh de fhiadh?" adeir an Faoileán Cliste. "Dhéanfainn-se de é sin dá mbeadh sibh i ndon é a thabhairt chugam agus níl tusa ag iarraidh é a thabhairt chugam" adeir sí. "Níl mise ag iarraidh é a thabhairt chugat agus ní thiubhrad."

Lá ar na bhárach nuair a bhí siad a'dul amach arís, "maise nach aisteach an duine thú" adeir sí le Fionn. "Tuige?" adeir Fionn. "Shílfeá an té nach raibh mac nó inghean aige féin go bhfágfa é sin istigh in éinfheacht liom lá eicint." "Dá mbeadh fhios agam" adeir Fionn, "gur le cion air atá tú d'fhágfainn agus bunáite chuile lá." "Nach bhfuil fhios agat go bhfuil an oiread cion agam air is tá agat féin." "Má tá" adeir Fionn, fágfa mé i mbárach agat é."

D'fhága sé an Faoileán Cliste in éinfheacht léithe lá ar na bhárach agus d'imthigh sé féin is na Fiannaibh. Ghléas sí dinnéar mór dó féin agus di féin. Nuair a bhí sé ithte acab leag sí anuas paca cardaí ar an mbord.

"An imreochaidh tú cluiche?" adeir sí. "Imreochad" adeir sé. Ghabh siad ag imirt. Is gearr a bhí siad ag imirt nuair a chuir sé cluiche uirthé.

"Tabhair do bhreith anois" adeir sí. "Cuirim de bhreith ort gan innseacht dom' athair gur imir me aon charda ariamh." Ghabh siad ag imirt aríst agus chuir sise an cluiche air.

"Tabhair do bhreith anois" adeir sé. "M'anam" adeir sí, "nach beag duitse a thúisge. Cuirim faoi gheasa agus faoi mhór dhioma na bliana thú gan dhá bhéile a ithe d'aon mhéis, gan dhá oidhche a chodladh ar aon leabaidh go dtuga tú chugam-sa an fiadh" adeir sí.

Shiubhail sé amach agus bhí na Fiannaibh ag teacht isteach. Sgaoil sé thairis iad. Ní mórán achair a bhí siubhalta aige nuair a d'eirigh an fiadh roimhe. Shíl sí imtheacht uaidh ach rug sé ar chois deiridh uirthé agus bhí sé dá tabhairt leis ina ghabháil nuair a d'eirigh sí suas in a bean aige. "Is tú an gaisgidheach is fearr a chonnaic mé ariamh" adeir sí. "Tá mé tógtha ó dhraidheacht agat. Ní raibh i ndán dom eirghe ó dhraoidheacht choidhchin nó go mbéarfadh mac rí orm i gcoibhlint reatha."

“Tá tú ceart go leor” adeir sé, “ach tá mise buailte. Gan fiadh a bheith agam, tá mé faoi gheasa an fiadh a thabhairt chuig bean Fhinn Mhic Cumhaill. Tá mé buailte nuair nach bhfuil tusa i t’fiadh le do thabhairt chuite.”

“Tiubhraidh mise fiadh duit le tabhairt chuite” adeir sí. “Beidh mise i mo bhean feasta. Beidh sí sin a’ cur geasa ort i gcomhnaidhe nó go mbeidh sí réidh leat. Seo craobh duit, craobh eolais agus déanfaidh sí eolas duit pé bí áit a mbeidh tú.”

Nuair a bhí siad in aice na cúirte annsin bhuaill sí slaitín draoidheachta ar rud eicínt agus rinne sí fiadh de a bhéarfadh sé leis le tabhairt do bhean Fhinn Mhic Cumhaill. “An chéad gheasa eile a chuirfeas sí ort caithfidh tú an fhairrge a thabhairt duit féin. Níl le déanamh agat ach sliseog a chaitheamh sa bhfairrge agus déanfaidh sí long duit. Déanfaidh an craobh eolais eolas dhuit san a ngabhfadh tú.” D’imthigh sí uaidh annsin gan cé hí ná cé hoileán a innseacht dó.

Nuair a d’imthigh sí uaidh thug sé leis an fiadh a rinne sí isteach ag bean Fhinn. “Anois nach bhfuil an fiadh agat” adeir sé léithe. “Go deimhin tá” adeir sí, is tú an fear is fearr” adeir sí. Bhí an fiadh aice annsin. Rinne sí peata de.

Lá ar na bhárach nuair a d’eirigh na Fiannaibh bhí siad ag imtheacht. “Tá sé chomh maith dhuit an fear breagh seo a fhágáil sa mbaile indiu” adeir a bhean le Fionn. “Fágfad” adeir Fionn.

Ghléas sí dinnéar breagh arist dó féin agus dí féineacht. Nuair a bhí an béile ithte leag sí anuas paca cardaí. D’fiafruigh sí de an imreochadh sé cluiche cardaí. Dubhairt sé go n-imreochadh.

Chuir sé cluiche uirthé.

“Beir do bhreith anois” adeir sí.

“Beirim de bhreith ‘s d’orchar ort gan innseacht do m’athair gur imrigheas aon charda ariamh.”

D’imir siad arís agus chuir sí cluiche air.

“Do bhreith” adeir sé.

“Ní mór duit a thúisge” adeir sí. “Cuirim faoi gheasa agus faoi mhór-dhioma na bliana tú gan an dara béile a ithe d’aon mhéis, gan an dara oidhche a chodladh ar aon leabaidh go dtug a tú chugam-sa an slabhra óir atá i gcluais an tairbh chothaigh atá sa Domhan Thoir.”

“Níl neart air” adeir sé. “Fanfaidh mé go dtí i mbárach” adeir sé. D’fhan sé an oidhche sin. Más moch a’ d’eirigh an mhaidin is moiche ná sin a d’eirigh an Faoileán Cliste. Chuimil sé bois dá shúile, dá mhúrla agus dá mhaláí. Chíor sé a cheann, dubhairt sé a thráth agus d’ith sé a bhriceasta. D’imthigh leis. Chuaigh sé go dtí tobar na meala agus d’unnlaigh sé é féin. Ghabh se chun na coille agus bhain sé dhá shliseog anuas den chrann daraigh ab fhearr a fuair sé sa gcoill. Thug sé leis iad agus chaith sé amach sa bhfairrge iad agus rinne siad long lochtmhar lán de shoillse. D’arduigh sé suas a cuid seolta móra bucóideacha bacóideacha bándearga go barra na gcrann cófhada có-réidh agus có-dhíreach nár fhág sé téad tíre gan tarraingt ná osgladh maide rámha gan ruarúadh ag trabhadh na fairrge falcanta fíor-

dhomhain nach dtreabhfar aríst go lá deire an domhain, ag asgaibh róinnte, míolta móra, beithidhigh beaga béaldearga na fairrge thiar, ag tigheacht ar bhois is ar bhois an mhaide rámha; sglug, slug ag an bhfaoileáinín ó thosach na loinge go deire na loinge; na heasconáí a’ dul in asgalaí a chéile. De bhrí an mheasguighthe sin déirigh na sruthacha ciarsánacha bualadh, tuasgairt, agu rapáil; gaineamh mín a’dul in uachtar agus gaineamh garbh a’ dul in íochtar le neart teann treabhadh agus tiomáint. Bhí na heasgana beaga a’ snámh isteach innte sa tsoitheach, bhí sí chó curtha sin faoi fhairrge aige.

Nuair a bhí sé i ngar don oidhche chonnaic sé toirt phréacháin ó oileán i bhfad uaidh agus ní i ngar dó. Thug sé dá dtrian siubhail agus trian seoil don tsoitheach go dtáinig sé i dtír ar an oileán, gur tharraing sé an soitheach in áit nár bhaoghal di tonn ná bualadh tonn dá tuasgaint, sgoile gainimh séidte a dhul innte. Thug sé feisteas lá is bliain uirthe cur l gcás na ch mbeadh sí uair a’ chluig ann. Shiubhail sé suas. Casadh teach dhó, teach nach raibh mór. Chuir sé lámh chaon taobh den doras agus bhreathnuigh sé isteach. Bhí bean istigh a’ sníomhachán. “Tuige nach mbíonn tú istigh?” adeir sí. “Is comhang liom é” adeir sé. “Má tá sé comhang” adeir sí, “níl sé doicheallach.”

Thainig sé isteach, agus nuair a bhí sé istigh b’fachtas dó nach bhfaca sé aon chúirt ariamh ba bhreaghtha ná í. Chuir sí céad míle fáilte roimhe ina ainm Faoileán Cliste Mac Fhinn Mhic Cumhaill. “Is mac faoi gheasa thú” adeir sí.

“Seadh,” adeir sé.

“A mbainfidh tú cionn mo thomhais díom?” adeir sí.

“Ní bhainfead.”

“Siad na geasa atá ort” adeir sí, “an slabhra óir atá i gcluais an tairbh chothaigh atá sa Domhan Thoir a thabhairt chuig bean Fhinn Mhic Cumhaill” adeir sí.

“Siad” adeir sé.

B’fhéidir go ndéanfaidh tú an gnatha” adeir sí.

“Bíonn an tarbh sin trí ráithe ina chodladh agus trí ráithe ina dhúiseacht agus má tá i ndán go bhfuil sé ina chodladh déanfaidh tú gnatha. Tiubhraidh mise bútaisí siubhail duit i mbárach nuair a eireochas tú agus má tá an tarbh sin ina chodladh feicfidh tú ina luidhe é. Ní bheidh tú an-ghar dó chor ar bith nuair a fheicfeas tú an toirt, tá sé chó mór sin. Tiocfaidh tú aniar annsin faoi n-a thaobh agus béarfaidh tú ar an slabhra agus tarraingeochoaidh tú é i riocht is nach bhfágfa tú aon chuid den chluais gan briseadh ach an oiread is a choinneochas an slabhradh. Luighfidh tú siar faoi na cheathramha. Crochfaidh an tarbh a cheann agus nuair nach nach bhfeicfidh sé aonduine beidh sé ina chodladh aríst agus beidh sé a’ srannadh. Nuair a bhéas sé a’srannadh tarraingeochoaidh tú an slabhra aríst agus tiubhra tú leat é agus ma fheiceann tú capall bí a’ marcuidheacht ar an gcapall agus fág idir é féin agus an capall uaidh sin amach é” adeir sí.

Leag sí anuas chuile rud dá fheabhas le n-ithe agus le n-ól aige agus nuair a bhí ithte agus ólta aige chaith siad trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht agus trian le suan sámh agus síorchodladh. Bhí an Faoileán Cliste dúisighthe nuair a d’airigh sé an lá má bhí féin bhí

bricfeasta leagtha anuas ar bord aice dó. D'ith sé a mhórdhóthain agus nuair a bhí sé ithte aige dubhairt sí go raibh sé chomh maith dó na bútaisí siubhail a chur air agus chuile rud dar dhubhairt sí leis a dhéanamh.

Chuir sé na bútaisí siubhail air agus dá chroidheamhla da raibh sé roimhe sin bhí sé seacht nuair ní ba chroidheamhla nuair a bhí na bútaisí air. D'imthigh sé leis a' tabhairt cnoc de léim agus gleann de thruslóg agus an fhairrge mhór de rithte reaithte, dá dteastuigheadh sé uaidh. Ní fada a bhí sé go bhfaca sé an tarbh agus ghabh sé de leath-taobh i riocht is nach dtiocfadh sé ar a aghaidh, nó tharraingeochadh sé isteach san polláirí é leis an sreann a bhí sé a thabhairt isteach. Ghabh sé de leath-taobh go dtáinig sé anuas faoin leath-taobh a bhí faoi gur rug sé ar an slabhra agus chomh maith in Éirinn agus d'fhéad sé é tharraing sé an slabhra agus níor fhága sé mórán gan a' tabhairt as a chluais ach gur fhága sé an oiread is a choinnigh an slabhra. Luigh sé síos annsin faoi cheathramha an tairbh. Chroch an tarbh a cheann agus nuair nach bhfaca sé tada tháinig codladh aríst air agus thosuigh sé a' srannadh. Chonnaic an Faoileán Cliste capall ag eirge in aice leis. Ní dhearna tada a breith ar an slabhra agus a dhul de léim ar an gcapall. Thug an capall aghaidh ar an bhfairrge agus lean an tarbh í. Nuair a bhí an tarbh a' teannadh léithe thug sí an fhairrge uirthé féin agus nuair a thug thuit an anáil as agus fuair sé bás. D'fhill an capall ar ais agus d'imthigh sí ar an mbealach a dtáinig sé nó gur fhág sí ag an gcúirt é sa gcoill glas agus d'imthigh sí amach uaidh sa gcaoi nár airigh sé ag imtheacht í.

Chuaigh sé isteach sa gcúirt. Bhí an bhean istigh roimhe. "Ó tá sé a'd" adeir sí. "Tá" adeir sé. "Fanfaidh tú annseo agam-sa go ceann míosa" adeir sí. Beidh leabaidh agus bord duit annseo agus féadfaidh tú a bheith ag fiadhach 's a fionnsgaradh chuile lá go ceann míosa. Nuair a ghahhfas tú chomh fada le bean Fhinn Mhic Cumhaill leis an slabhra cuirfidh sí in áit eile thú." "Déanfaidh sin" adeir sé.

D'fhan sé in éinfheacht léithe annsin i Rioghacht na Coille Glaise go ceann míosa a'fiadhach 's a' fionnsgaradh. Nuair a bhí an mhí caithte bhí sé a dhul go hÉirinn. An dtiubhraidh tusa an slabhra sin do bhean t'athar?" adeir an bhean seo leis.

"Tiubhrad" adeir sé.

"Seo ubhall duit" adeir sí. "Nuair a ghabhfas tú go chomh fada léithe déarfaidh tú "seo duit an slabhra. Chuaidh mise i bhfad dhá thóruideacht. Leag an slabhra ar an tráigh atá le hais na cúirte agus leag an t-ubhall seo in mhullach agus tiocfaidh sí chomh fada leis annsin agus tugadh sí léithe é má fhéadann sí."

D'imthigh leis agus thug sé leis an slabhra go dtáinig sé go hÉirinn. Nuair a tháinig sé chomh fada le cúirt Fhinn ar an tráigh bhí fáilte ag bean Fhinn roimhe.

"Tá sé a'd" adeir sí.

"Tá" adeir sé.

"Tabhair dom é" adeir sí.

"Tar chomh fada leis dhá iarraidh" adeir sé, agus leag sé ar an tráigh é agus leag sé an t-ubhall ina mhullach. Tháinig sí cho fada leis agus nuair a shíl sí breith air ní raibh sé aice.

Bhí an Faoileán Cliste a' dhul a' fiadhach 's a' fionnsgaradh in éinfheacht le n-a athair suim mhór aimsire nó gur thosuigh sí casaoid, a' gearán nach bhfágfadh Fionn inéinfheacht léithe féin aríst é. "Níl aon locht agam ar é a fhágáil in éinfheacht leat" adeir Fionn.

D'fhan sé in éinfheacht léithe. Ghléas sí an-dinnéar dó féin agus di féin agus d'ith siad an dinnéar púrtach páirteach. Leag sí anuas paca cardaí.

"An imreochaidh tú cluiche" adeir sí.

"Tuige nach n-imreochainn" adeir sé.

Chuir sé cluiche uirthé.

"Beir do bhreith" adeir sé.

"Beirim de bhreith is de dhorchas ort gan innseacht dom' athair gur imir mé aon charda ariamh."

Ghabh siad ag imirt annsin aríst agus chuir sí an cluiche air.

"Tabhair do bhreith" adeir sé.

"Ní beag dhuit a thúisge" adeir sí. "Cuirim faoi gheasa agus faoi mhór dhioma na bliana tú gan an dara béile a ithe d'aon mhéis agus gan an dara hoidhche a chodladh in aon leabaidh go dtugadh tú chugam-sa an Claidheamh Soluis atá in Oileán na mBan Gorm."

D'fhan sé go dtí maidin lá ar na bhárach. Ní moiche a d'eirigh an lá ná d'eirigh an Faoileán Cliste. Chuimil sé bos dá shúile, dá mhurla is dá mhaláí. Chíor sé a cheann, dubhairt sé a thráth agus d'ith sé a bhriceasta. Chuaidh sé go tobar na meala gur unnlaigh sé é féin ann. Ghabh sé go dtí an soitheach, chur sé cos innte agus cos eile sa talamh gur sháth sé amach í go ndeachaidh sí go dtí an Choill Ghlas. Tharraing sé suas í. Chuaigh sé cho fada annsin le inghin Rí na Coille Glaise.

"Ó, maise céad míle fáilte romhat ar ais" ar sise.

"Go maire tú i bhfad."

"Cuirfidh mé geall leat go bhfuil fhios agam na geasa atá ort" adeir sí.

"M'anam nach gcuirfead" adeir sé, "b'fhéidir go bhfuil fhios."

"Sé an geas atá anois ort an Claidheamh Soluis atá ar Oileán na mBan Gorm a thabhairt chuig bean Fhinn Mhic Cumhaill."

"Sé."

"Níl aon duine ar an oileán seo ach mná beaga gorm. Níl aon fhear ann agus trí cinn de na cailleacha móra, is aca atá an Claidheamh. Caitfidh mise cóta a dhéanamh duit go gcaithidh tú díot an t-éadach ata ort. Dá dteightheá ar an oileán sa bhfeisteas atá ort ní bheadh saoghal uair a chluig agat. Tharraingeochadh siad ó chéile thú, tá an oiread sin ban ann. Cuirfidh mise ort an cóta agus gabhfadh tú ann agus an cóta ort agus ceapfaidh siad gur páiste thú. Beidh tú a' caoineadh i gcomhnaidhe agus tiocfaidh na trí cailleacha móra agus tógfaidh siad ón gcuid eile thú agus tiubhraidh siad suas i mbarr an chaisleáin thú agus cuirfidh siad isteach sa seomra a bhfuil an Claidheamh Soluis ann. Beidh tú a' caoineadh i

gcomhnaidhe agus fágfaidh tú do láimh anois agus aríst ar an gClaidheamh. Níl aon uair a fhágfas tú do láimh ar an gClaidheamh nach gcuirfidh sé béic as agus beidh na cailleacha a' tigheacht cho fada leat nuair a chloisfeas siad an béiceadhach, go ndéanfaidh siad neamhshuim sa deire díot. Nuair a dhéanfas siad neamhshuim díot croch an fhuinneog. Beir ar an gClaidheamh Soluis agus má fheiceann tú capall taobh amuich bí de léim uirthé agus tabhair leat an Claidheamh Soluis. Fág ag an gcapall an chuid eile. Déanfaidh an capall an chuid eile. Déanfaidh an capall a cuid féin.

Dhúisigh sé leis an lá agus nuair a bhí an bricfeasta ithte aige ghabh sé go dtí an long. Chuir sé cos innte agus cos eile sa talamh, gur sháith sé chun seoil í go neachaidh sí chomh fada le Oileán na mBan Gorm. Tharraing sé suas an soitheach san áit nar bhaoghal di tonn dá tuasgairt ná sgoilte gainimh séidthe a dhul innte. Chuir sé feisteas lá 's bliain uirthé, cuir i gcás nach mbeadh sé uair a'chluig ann.

Shiubhail sé suas an t-oileán. Tháinig na mná beaga gorma chuige anuas. Bhí sé a'caoineachán. Bhí na mná beaga a' rádh gur páiste a bhí ann agus go raibh díth céille air. Nuair a chonnaic na cailleacha móra é thug siad leothab é agus chuir siad isteach sa seomra i mbarr an chaisleáin é, in éinfheacht leis an gClaidheamh Soluis. Thosuigh sé a' leagan a láimhe ar an gClaidheamh Soluis agus níl aon uair dá leagadh sé a lámh air nach gcuireadh an Claidheamh béic as. Bhí na cailleacha a' teacht a' féachaint céard a bhí air gur ghlac siad neamhshuim sa deire ann. Rinne sé comhairle inghean Rí na Coille Glaise. Chroch sé an fhuinneog agus thug sé an Claidheamh Soluis leis agus léim sé ar chapall a bhí taobh amuich agus rinne an capall a cion féin.

Thug an capall chó fada is a bhí le dhul aige go ndeachaidh sé chun seoil aríst. Ghabh sé isteach sa soitheach. Chuaidh sé chun seoil annsin agus go go dtáinig sé go Rioghacht na Coille Glaise.

"Tá sé a'd" adeir inghean Rí na Coille Glaise.

"Tá" adeir sé.

Dubhairt sí leis annsin an Claidheamh Soluis a leagan uaidh agus fanacht in éinfheacht léithe go ceann míosa. Dubhairt sé nach raibh aon lucht aige air, go bhfanfadh sé an mhí ann.

Nuair a bhí an mhí thuas agus é a 'dhul a' tigheacht abahile go hÉirinn, "an dtiubhraidh tú an Claidheamh Soluis ag do leas-mháthair" adeir inghean Rí na Coille Glaise.

"Tiubhrad" adeir sé.

"Ná tabhair" adeir sí, "ach leag an Claidheamh Soluis ar an tráigh atá amach ón dorus agus seo ubhall duit agus leag an t-ubhall ar mhullach an Chlaidhimh. Abair le do leas-mháthair a dhul amach ar an tráigh agus ina choinne, go ndeachaidh tú sách fada dá iarraidh."

Nuair a tháinig sé cho fada leis an leas-mháthair, "tá sé agat" adeir sí.

"Tá" adeir sé, "nach ina choinne a chuir tú mé."

"Tabhair dom é" adeir sí.

Leag sé ar an tráigh é agus leag sé an t-ubhall ina mhullach.

"Tá sé annseo agat" adeir sé. Tá sé sáthach gar annseo agat, chuaidh mé féin fada go leor dá dhá iarraidh. Ní gaisge duit-se a thabhairt as seo."

Nuair a shíl sise breith ar ní raibh sé aice féin ach an oiread leis-sean. Lá ar n-a bhárach bhuail sé amach a' fiadhach agus a' fionnsgaradh leis na Fiannaibh, gur iarr an leas-mháthair ar Fhionn é fhágáil istigh aice. "Dá mbeadh fhios agam gur ar mhaithe leis atá tú d'fágfainn" adeir Fionn. "Nach bhfuil fhios agat go bhfuil an oiread cionn agam-sa air agus atá agat féin air" adeir sí.

D'fhág sé in éinfheacht léithe lá arna bhárach é. Rinne sí dinnéar breagh lá'r na bhárach dó féin agus di féin. Nuair a bhí an dinnéar caithte acab tharraing sí amach paca cardaí ar an mbord agus d'fiafruigh sí de an imreochaidh sé cluiche. Dubhairt sé léithe go n-imreochadh.

Chuaidh siad ag imirt annsin. Níorbh fhada a bhí siad ag imirt gur chuir sé cluiche uirthé. "Tabhair do bhreith anois" adeir sí. "Ní thiubhrad" adeir sé, "go n-imrímid cluiche eile."

Chuarar ag imirt annsin aríst agus chuir sise cluiche air. Nuair a bhí an cluiche aice annsin "beir do bhreith anois" adeir sí. "Ní bhéarfad" adeir sé, "beir tú féin é, is tú is sine agus is fearr agus is túisge a gheitheas bás." "Ní beag duit a thúisge" adeir sí. "Cuirim faoi gheasa is faoi mhór-dhioma na bliana thú gan dhá bhéile a ithe ar aon mhéis ná dhá oidhche a chodladh ar aon leabaidh nó go dtuga tú na trí bróinte geire atá ins na trí daimh atá ar Shliabh Seamhain. "Well anois" adeir sé, "níor chuir mise aon gheas ort-sa fós ach tá mé a' dhul dhá chur ort anois gan béile a ithe ar aon mhéis ná aon oidhche a chodladh ar aon leabaidh ach a dhul amach agus luighe are do bhéal sa bhféar agus gan de bhiadh ná de bheatha agat go dtigidh mise ach an méid a thiubhras tú den drúcht leat ar bharr do theangaidh den bhféar." "Tóg díom" adeir sí "agus tógfaidh mé díot." "Mo chrádh agam má thógaim ach gabhfaidh dá thóruigheacht agus tá seans go mbeidh tú feáchta go maith nuair a thiocfas mé chomh fada leat."

Bhuail sé leis go ndeachaidh sé ag an soitheach. Chuir sé cos ina shoitheach agus cos ar an talamh agus sháith sé amach í léig sa bhfairrge gur thóg sé na seolta uirthé go ndeachaidh sé cho fada le inghean Rí na Coille Glaise aríst.

"Tá tú ann" adeir sí.

"Tá."

"A guil cho fada leis na trí daimh atá ar Shliabh Sleamhain. Caithfidh mé féin guil in éinfheacht leat annsin ar maidin i mbárach."

"Seadh."

"Well ní maith liom an chaoi a chur tú ar an mbean sin" adeir sí. "Sin aint dom-sa agus ní maith liom tada a bheith uirthé."

Nuair a' d'eirigh siad ar maidin ghabh siad chun an tsoithigh cho moch is d'fhéad siad é go ndeachaidh siad chun seoil go dtáinig siad ag bun a' chnuic. "Tá trí léim anois" adeir sí. "An chéad léim ocht dtroighthe déag, an dara léim dhá throigh is fich agus an tríomhadh léim sé troighthe fichead."

D'éirigh sé ar an bpointe agus ghabh sé in éadan na haille ocht dtroighthe déag. Ghabh sise suas in éinfheacht leis. Thug sí buidéal annsin dó agus d'ól sé é agus ghabh sé suas an dá throigh is fich agus bhí thuas ina dhiaidh.

Nuair a bhí sí a dul a' caitheamh na sé troighthe fichead thug sí buidéal eile dó agus d'ól sé é agus nuair a ghabh sé in éadan na haille chuir sé cos leis an gcnoc. Níor thug sé an chos eile leis agus sgiorr sé anuas aríst. "Déanfaidh tú an graithe anois" adeir sí. Thug sí buidéal eile dó annsin agus d'ól sé é. Thug sí slat dó. "Tá na trí daimh ar an taobh is fuide den chnoc uait. Ar an bpointe is a ghabhfas tú ar an mullach tosóchaidh siad a' buaruach. Gearr fáinne sa talamh leis an slait agus nuair a gheitheas siad boladh an fháinne luighfidh siad agus cuirfidh siad an taobh a mbeidh an gheir le baint asta in uachtar agus tuitfidh siad ina gcodladh. Nuair a bhéas siad in a gcodladh tiocfaidh mise cho fada leat. Ní fhéadfadh mé teacht chomh fada leob go mbeidh siad ina gcodladh.

Ghabh sé de léim ar an gcnoc annsin agus trí troighthe os a chionn. Cho luath agus a bhí sé ae an gcnoc thosuigh na daimh a' buaruach. Ghearr sé an fáinne sa talamh leis an tslait agus ní raibh ann ach go raibh an fáinne gearrtha aige nuair a fuair siad an boladh agus tháinig siad agus luigh siad sa bhfáinne agus chuir siad an taobh a raibh an gheir le bheith bainte astab, chuir siad os a gcionn é.

Nuair a bhí siad luigte annsin agus ina gcodladh tháinig inghean Rí na Coille Glaise cho fada leis. Mhúin sí dhó cén chaoi an gheir a bhaint astab agus dubhairt sí leis bró mhór geire a bhaint astab. Thug sí snátha agus snáthaid dó agus dubhairt sí leis iad a fhuagháil aríst agus nuair a bheadh siad fuaighte an tsnáthaid a chuimilt díob, agus d'imthigh sí annsin uaidh. Bhain sé an gheir astab. D'fuaigh sé suas aríst iad. Chuimil sé an tsnáthaid díobh agus nuair a bhí an tsnáthad cuimilte díob d'éirigh siad suas ina dtriúr gaisgidheach cho breagh is chonnaic sé ariamh.

Tháinig an bhean cho fada leis aríst agus ní raibh fhios aige gurbh í an bhean chéadna a bhí ann, bhí sí cho breagh sin. Triúr dreathár di a bhí ins na triúr gaisgidheach a bhí faoi dhraoidheacht. Mhúch sí le póga iad agus bháidh sí le deora iad, agus thriomuigh sí le brait síoda agus sróil iad agus le gruaig a cinn féin agus más thíos a fuair sí iad is thuas a d'fhága sí iad. D'imthigh siad leob annsin go dtáinig siad ag an áit a raibh an soitheach. Bhí an aill íslighthe rompab sa gcaoi nach raibh orthab ach siubhal isteach sa soitheach. Bhí an aill tógtha timcheall ar an gcnoc sa gcaoi nach bhféadfadh rud a bith a dhul isteach – Sliabh Sleamhain. Chuadar isteach ins a' soitheach go dtáinigadar abhaile go dtí an Choill Ghlas. Bhí an dreithiúr agus an dreatháir tógtha rompab – an slabhradh óir agus an Claidheamh Soluis. Bhí múchadh le pógadh agus báthadh le deora ann agus chaitheadar an oidhche le siamsa agus le spóirt is le lúthgháir ar a chéile.

Máidin lá'r na bhárach chuireadar an Faoileán Cliste go hÉirinn leis an ngeir. Dubhairt inghean Rí na Coille Glaise leis an gheir a chaitheamh amach amach ag an leas-mháthair agus í a theasbáint di agus gan é féin a theasbáint dá athair ná d'aon duine de na Fiannaibh ach filleadh aríst ar an gCoill Ghlas. Sheol sé leis go dtáinig sé go hÉirinn, agus chuir sé amach an gheir. Ní rinne sé moill ar bith ach sheol sé ar ais aríst gur phós sé féin agus inghean Rí na Coille Glaise gur chaitheadar bainis seacht n-oidhche agus seacht lá. Ní raibh

fhios cé acab ab fhearr, an chéad oidhche ná an oidhche dheireannach le mil ghréagach agus beoir Lochlannach. Blas na meala ar gach aon rud agus gan aon ghreim tor. Níor thug siad dom-sa ach bróga páipéir agus stocaí bainne reamhar, bonn is leith-phighinn airgid a d'ól mé i dtigh Chrochubair Uí Chrochubhair i gCathair Mhuiris. Bhí an coileach a' rith orm agus dá mbeireadh an chearc orm ní fhágfadh sí deoir ionam.

8/11/1932